**Scéal** **Story** (le Seán Beattie)

| | |
|---|---|
| 1. Ba é Murchú an cara ab fhearr a bhí ag Ruairí. | Murphy was the best friend Rory had. |
| 2. Tháinig Murchú chuig fuinneog Ruairí gach maidin agus thosaigh sé ag tafann go dtí gur oscail Ruairí í. | Murphy came to Rory’s window every morning and began to bark until Rory opened it. |
| 3. "Maidin mhaith duit, Murchú," a bhéic Ruairí. | "Good morning, Murphy," yelled Rory. |
| 4. An chéad rud a rinne Ruairí gach maidin ná bricfeasta a thabhairt do Mhurchú. | The first thing Rory did every morning was to give breakfast to Murphy. |
| 5. Nuair a tháinig Ruairí abhaile ón scoil bhí Murchú ag fanacht leis i gcónaí. | When Rory came home from school, Murphy was always waiting for him. |
| 6. Ansin, fuair Ruairí raicéad leadóige nó camán. | Then, Rory got a tennis racket or hurley. |
| 7. Bhuail sé an liathróid agus chuaigh Murchú sa tóir uirthi. | He hit the ball and Murphy went after it. |
| 8. Ansin thóg Murchú an liathróid ar ais chuig Ruairí. | Then Murphy took the ball back to Rory. |
| 9. Bhuail Ruairí an liathróid arís. Agus arís. Agus arís eile. | Rory hit the ball again. And again. And again. |
| 10. Nuair a chuaigh an liathróid isteach sna sceacha, léim Murchú isteach sa tóir uirthi. | When the ball went into the bushes, Murphy jumped in after it. |
| 11. Nuair a chuaigh an liathróid taobh thiar den chró, rith Murchú sa tóir uirthi ar nós na gaoithe. | When the ball went behind the shed, Murphy ran after it like the wind. |
| 12. Níor stop Murchú riamh go dtí go bhfuair sé an liathróid. | Murphy never stopped until he got the ball. |

| | |
|---|---|
| 13. Thaitin liathróidí go mór leis. | He liked balls a lot. |
| 14. D'imir Ruairí agus Murchú an lá ar fad sa samhradh. | Rory and Murphy played all day in the summer. |
| 15. D'imir siad le chéile sa gheimhreadh gur éirigh sé dorcha. | They played together in the winter until it got dark. |
| 16. Ruairí agus Murchú. Cairde maithe go deo. | Rory and Murphy. Good friends forever. |
| 17. Ach lá amháin nuair a tháinig Ruairí abhaile ón scoil ní raibh Murchú ansin. | But one day when Rory came home from school, Murphy wasn't there. |
| 18. "Murchú!" a bhéic Ruairí. | "Murphy!" yelled Rory. |
| 19. Ach freagra ní bhfuair sé. | But he didn't get a response. |
| 20. Lig Ruairí fead. | Rory whistled. |
| 21. Ach níor tháinig Murchú. | But Murphy didn't come. |
| 22. Bhéic Ruairí in ard a chinn. "Murchú! Murchú! " | Rory yelled out at the top of his voice. " Murphy! Murphy!" |
| 23. Ach ní raibh Murchú ann. | But Murphy wasn't there. |
| 24. Rith Ruairí isteach sa teach. | Rory ran into the house. |
| 25. Chaith sé a mhála scoile ar an urlár. | He threw his schoolbag on the floor. |
| 26. "A Mhamaí!" a bhéic sé. | "Mommy!" he yelled. |
| 27. "Cá bhfuil Murchú?" | "Where is Murphy?" |
| 28. "Murchú?" arsa Mamaí. | " Murphy?" said Mommy. |
| 29. "Bhí sé anseo nuair a tháinig mise abhaile." | "He was here when I came home." |
| 30. Bhí iontas ar Mhamaí agus ar Ruairí. | Mommy and Rory were surprised. |

# Cá bhfuil Murchú? / Where is Murphy?

**1**



| **a haon** | **number one** |
|---|---|
| buachaill / buachaillí | boy(s) |
| madra / madraí | dog(s) |
| liathróid / liathróidí | ball(s) |
| ag caitheamh | throwing |
| léine / léinte | shirt(s) |
| bríste | pants |
| donn | brown |
| buí | yellow |
| gorm | blue |

Cé atá sa phictiúr?
  Who's in the picture?
Cad atá ina lámh aige?
  What does he have in his hand?
Cén dath atá ar a léine?
  What color is his shirt?
Cad atá sé ag déanamh?
  What's he doing?
An maith leis an madra liathróidí?
  Does the dog like balls?

**2**



| **a dó** | **number two** |
|---|---|
| cailín / cailíní | girl(s) |
| raicéad leadóige | tennis racket |
| liathróid leadóige | tennis ball |
| ag imirt | playing |
| ag rith | running |
| ag bualadh | hitting |
| gruaig / a cuid gruaige | hair / her hair |
| rua | red (for hair) |
| sciorta / sciortaí | skirt(s) |

Cé atá sa phictiúr seo?
  Who's in this picture?
Cad atá sí ag déanamh?
  What's she doing?
Cén cluiche atá sí ag imirt?
  What game is she playing?
An bhfuil sí ina suí?
  Is she sitting down?
An maith leat leadóg a imirt?
  Do you like to play tennis?

**3**



| **a trí** | **number three** |
|---|---|
| cat / cait | cat(s) |
| ag snámh | swimming |
| linn snámha | swimming pool |
| farraige | ocean |
| uisce | water |
| súil / súile | eye(s) |
| fliuch | wet |
| tirim | dry |
| sásta | happy |

Cad a fheiceann tú sa phictiúr?
  What do you see in the picture?
Cad atá sé ag déanamh?
  What's it doing?
Cá bhfuil sé ag snámh?
  Where's it swimming?
An maith le cait an t-uisce?
  Do cats like water?
An maith le cait a bheith fliuch?
  Do cats like to be wet?

**4**



| **a ceathair** | **number four** |
|---|---|
| peata / peataí | pet(s) |
| ainmhí / ainmhithe | animal(s) |
| iasc / éisc | fish |
| coinín / coiníní | rabbit(s) |
| hamstar / hamstair | hamster(s) |
| éan / éin | bird(s) |
| pearóid / pearóidí | parrot(s) |
| nathair (nimhe) | snake |
| nathracha (nimhe) | snakes |

Cén ainmhithe atá sa phictiúr?
  What animals are in the picture?
An maith leat ainmhithe?
  Do you like animals?
An bhfuil peata agatsa?
  Do you have a pet?
Cad is ainm do do pheata?
  What's your pet's name?
An bhfuil eagla ort roibh madraí?
  Are you afraid of dogs?

**5**



| **a cúig** | **number five** |
|---|---|
| fear / fir | man / men |
| iománaíocht | hurling |
| camán / camáin | hurley(s) |
| sliotar / sliotair | sliotar(s) |
| clogad / clogaid | helmet(s) |
| peil | football |
| peil Mheiriceánach | American f.b. |
| foireann | team |
| breathnaigh | watch! |
| teilifís | television |

Cé a fheiceann tú sa phictiúr seo?
  Who do you see in this picture?
Cad atá siad ag imirt?
  What are they playing?
Cad a dhéanann siad leis na camáin?
  What do they do with the hurleys?
An imríonn tú aon sport?
  Do you play any sports?
An mbreathnaíonn tú ar spóirt?
  Do you watch sports?
Cén foireann is fearr leat?
  What's your favorite team?